# Tuarascáil Bhliantúil
# Annual Report
# 2004/2005

Institute of Technology
Tralee, Co.Kerry
Ireland

Tel.: ++353 (0) 66 7145600
Fax: ++353 (0) 66 7125711
E-mail: info@ittralee.ie
Internet: http://www.ittralee.ie

INSTITUTE OF TECHNOLOGY TRALEE
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ



# Clár an Abhair


Tuairisc an Chathaoirligh .......... 2

Tuairisc an Stiúrthóra .......... 3

Nuacht na hInstitiúide .......... 4

An Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta .......... 5

Tuairisc na hOifige Forbartha .......... 6

Nithe atá bainte amach ag an bhFoireann .......... 8

Ionad Nuálaíochta Chiarraí .......... 12

Forbairt an Champais .......... 13

An Grúpa Stiúrtha .......... 14

An Chomhairle Acadúil .......... 16

Scoil Ghnó & an Staidéir Shóisialta .......... 19

Scoil na hInnealtóireachta & an Staidéir Fhoirgníochta .......... 20

Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta .......... 22

Cúrsaí a Tairgtear .......... 24

Cúrsaí Páirtaimseartha .......... 26

Scrúdaitheoirí Seachtracha .......... 27

Staidrimh maidir le Mic Léinn .......... 33

Tuairisc ar Sheirbhísí do Mhic Léinn .......... 36

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Idirnáisiunta .......... 38

Tuairisc ar Acmhainní Daonna .......... 39

Tuairisc Airgeadais .......... 41

Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile .......... 45



*Bheireann an Coláiste míle buíochas don Ríonn Oideachais agus Eolaíochta agus don Aontas Eorapach as ucht a dtachaoícht idir airgid agus eile.*

# Tuairisc an Chathaoirligh




Agus mé i mo chathaoirleach, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt
do agus buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Stiúrtha atá ag imeacht tar éis dóibh a dtréimhse chúig bliana in oifig a chríochnú i mí na Márta 2005.

Tháinig ár nGrúpa Stiúrtha nua go hoifig agus bhí a chéad chruinniú aige ar an 29ú Meitheamh 2005. Mar chuid den bpróiseas ionduchtúcháin don Ghrúpa Stiúrtha nua, thug Arthur Cox agus a chomhpháirtithe léirmheas ar an Rialachas Corparáideach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don obair a dhein an fhoireann thar mhórán de bhliantaibh ó bhíodar ag cabhrú chun an méid forbartha atá déanta ar an Institiúid anois a chur i gcrích, agus dóibh siúd atá ag ceiliúradh 25 bliana seirbhíse don Institiúid i mbliana.

Tá súil agam go leanfaimid orainn ag fás agus ag forbairt sna blianta atá romhainn agus go mbeidh torthaí breátha ár saothair againn i gcónaí.



Cathaoirleach

# Tuaraisc an Stiúrthóra




Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2004/2005 a chur i bhur láthair.

Tá an Institiúid ag éirí níos treise an t-am ar fad. Maidir le leathnú, bronnadh an conradh chun Páirceanna Imeartha Uile Aimsire a thógáil ar an gCampas Thuaidh i mbliana. Tosnaíodh ar an tionscadal seo i Meitheamh 2005. Rachaidh na páirceanna imeartha chun tairbhe do mhic léinn na hInstitiúide agus don bpobal iomlán.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag an bhfoireann, ag Coiste Forbartha an Ghrúpa Stiúrtha agus ag an nGrúpa Stiúrtha agus iad ag tacú go gníomhach linn i gcaitheamh na bliana seo caite.

Ba mhaith liom glacadh leis an deis seo chun fáilte a chur roimh bhord nua an Ghrúpa Stiúrtha agus buíochas a ghabháil leis na baill atá ag imeacht as ucht an méid oibre a dhein siad don Institiúid le cúig bliana anuas.

Arís ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil le gach éinne a bhí ag obair sa Choláiste le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair 2004 go Lúnasa 2005.



**Stiúrthóir**

# Nuacht na hÍnstitiúide

Thug an Stiúrthóir léiriú don bhfoireann go léir ar an gcéad lá de Mheán Fómhair 2004.

Cuireadh in iúl don Institiúid i litir den 27ú Meán Fómhair 2004 ó Shéamas Puirséil, Príomhfheidhmeannach CDAOO (Comhairle um Dámhachtainí Ard-Oideachais agua Oiliúna):

Bronnadh Údarás Tarmligthe ar an Institiúid ar an 27ú Meán Fómhair, chun tarmligean údaráis a cheadú d'Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Cuireann an tarmligean seo dámhachtainí ó leibhéil 6 go 9 de Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí san áireamh. I gcás Dámhachtainí Máistreachta ag leibhéal 9, chuir an Chomhairle teorainn leis an tarmligean sin nach mbeidh sé i bhfeidh ach amháin i gcás Máistreachtaí a baintear amach ó chláracha múinte.

Deineadh comhghairdeas le léachtóirí na hInstitiúide Teicneolaíochta Trá Lí: Breda O'Dwyer agus Ann Sears de bharr na duaise a bronnadh orthu dá staidéar cáis ag Comhdháil an Acadaimh Bainistíochta in Éirinn.

Comhdháil Dhomhanda Uiscí: Bhí baint ag Sean Connell, léachtóir na hITT, le heagrú na Comhdhála Domhanda Uiscí a bhí ar siúl i mbliana.

Bhí Collóiciam na n-Institiúd ar siúl i dTrá Lí ar an 14/15ú Aibreán 2005.

Tugadh aitheantas don obair iontach leis an Dr. Treacy agus na Foirne Eolaíochta i Seachtain na hEolaíochta.

Deineadh comhghairdeas leis an Dr. Mary Haslam agus Dr. Colm O'Doherty i dtaobh na nDochtúireachtaí a bronnadh orthu le déanaí. Deineadh comhghairdeas chomh maith, leis an Athair Pat O'Donnell as ucht a MA.

Tugadh aitheantas d'obair charthanachta le Josephine Hanafin ag an "Big Breakfast" agus don obair le Pat McGarty ar an "Achainí Tsunami".

Bhí oscailt oifigiúil an Fhoirgnimh Shóláis ar siúl ar an 6ú Bealtaine 2005.

Bhí teaspáinteas an-rathúil ag mic léinn B.Eal.(BA) sna hIlmheáin ón dara bhliain i Siamsa Tíre.

Cuireadh Féasta Tiomsaithe Airgid ar siúl i gcabhair ar "St. John of Gods" agus Oxfam. Deineadh comhghairdeas le foireann agus mic léinn na roinne HCT (Óstáin, Lónadóireachta & Turasóireachta).

Bhí an Oíche Dhinnéir agus Rince bhliantúil ag Aontas na Mac Léinn in Óstán Bhaile Rua.

Chríochnaigh an Grúpa Stiúrtha a bhí ag imeacht a théarma in oifig ar an 29ú Márta 2005.

Bronnadh conradh chun Páirce Imeartha Uile Aimsire a thógáil.

Córais Agresso agus Core/Acmhainní Daonna curtha i bhfeidhm.

# Senior Management

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir | Michael Carmody |
| Cláraitheoir | An Dr. Oliver Murphy |
| Rúnaí/Rialtóir Airgeadais | Donal Fitzgibbon |
| Ceann Forbartha | An Dr. Henry Lyons |
| Ceann na Scoile Eolaíochta & Ríomhaireachta | Seamus O'Shea |
| Ceann Roinne – Eolaíochtaí Ceimice & Beatha & Sláinte & Fóillíochta | An Dr. Noel Mulligan |
| Ceann Roinne – Staidéar Altranais & Cúraim Sláinte | An Dr. Gary Brown |
| Ceann Roinne – Ríomhaireacht & Matamaitic | Deirdre Lillis |
| Ceann na Scoile Innealtóireachta | Kevin Lynch |
| Ceann Roinne – Staidéar Shíbhialta & Foirgníochta | John Murphy |
| Ceann na Scoile Gnó & Staidéir Shóisialta | Brian O'Connor |
| Ceann Roinne – Gnó & Daonnachtaí | Pat McGarty |
| Ceann Roinne – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht | Brid McElligott |
| Ceann Roinne Gníomhach – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht | Mary Rose Stafford |
| Ceann Roinne – Faisnéisíocht Ghnó | Kay Fitzgerald |
| Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí na Mac Léinn | Dick Carmody |
| Bainisteoir Airgeadais | John Fox |
| Bainisteoir na Seirbhísí Seachtracha (go dtí 19ú Samhain 2004) | Mary Fenton |
| Bainisteoir na Seirbhísí Seachtracha (ó 1ú Feabhra 2005) | Brid McElligott |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna | Paul O'Dea |
| Bainisteoir na nEastát | Donal Hunt |
| Leabharlannaí | Pat Doherty |
| Bainisteoir TF | Andrew Quirke |

# Tuairisc na hOifige Forbartha

## Gníomhaíocht Thaighde

### Cistiú

**Bonnteastas i Staidéar Gnó agus Pobail**
Cuireadh in iúl don Oifig Forbartha go bhfuil € 130,000 ar fáil i gcomhair bhonnteastais aonbhliana a bheidh dírithe ar bhealach isteach chuig oideachas agus fostaíocht a éascú do mhná i réigiúin ACPIF i dTrá Lí. Is í IT Trá Lí an príomhghníomhaireacht le Comhairle Chontae Chiarraí/Comhpháirtíocht Trá Lí (Partnership Tralee)/ ACPIF /Tionscadal Forbartha an Phobail Trá Lí agus cumainn áititheoirí éagsúla.

### Ginearálta

**Clár Iarchéime Fiontair Geineasais 2004**
Bhí Oíche na nDámhachtainí don gcomhchlár ITT/CIT seo ar siúl sa Choláiste Muirí Náisiúnta nua i Rinn an Scídigh ar an Luain 7ú Feabhra 2005. Bhí an Comhairleoir Flan Garvey, an Dochtúir Henry Lyons agus an t-Uasal Dominic Moriarty i láthair thar ceann IT Trá Lí.

**Buaiteoir - An Deis Ghnó is Fearr**
John T O Sullivan, Bioatlantis Teo., comhlacht bhitheicneolaíochta le réimse de tháirgí nútraiceodacha do chothú ainmhithe.

**Buaiteoir - An Dul chun cinn is mó déanta go dtí seo**
Brenda Morgan, an Institiúid Staidéir Teo. a sholáthraíonn cláracha faoi bhainistíocht staidéir agus faoi fhoghlaim luathaithe don Mhargadh Oideachasúil agus don earnáil corparáideach.

**Buaiteoir – An Plean Ghnó is Fearr**
Brian O Keefe, Somex Teo., forbairt agus margadh tháirge nua le haghaidh tástáil bhrú bhuidéil don tionscal dí.

### Cuairteanna

Thug triúr ionadaí ón Údarás Forbartha Tionscail cuairt ar an Institiúid ar an 18ú Feabhra 2005 chun buaileadh le baill den bhFoireann Bainistíochta Ghinearálta mar ullmhú do chúrsaí taistil do chomhalachtaí iasachta san am le teacht, atá eagraithe ag an Roinn Sheirbhísí Idirnaisiúnta den UFT.

Thug An t-Ollamh Vincent Cunnane, Leas Uachtarán ar Thaighde ag Ollscoil Luimní, cuairt ar an Institiúid ar an 17ú Bealtaine, 2005. Bhí sé ag caint leis an gCeann Forbartha, Cinn na Scoileanna/Ranna agus a lán taighdeoirí agus ba é an chuspóir a bhí acu ná comhthionscadail ITT/OL i dtaighde a fhorbairt.

Tionóladh léacht ar Straitéis NET Microsoft le Rob Burke, a bhí eagraithe le Kerrysoft, san bhfoirgneamh Sólás ar an 19ú Bealtaine, 2005.

## Comhdhálacha

**Collóiciam**
Tharla Collóiciam na n-Institiúidí Teicneolaíochta 2005 ar an Déardaoin 14ú agus an Aoine 15ú Aibreáin 2005, ag an Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí, Campas Thuaidh. Bhí ceithre sheisiún ar fad i rith an collóiciam leis na teidil mar seo a leanas orthu:

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1:** | Athbhreithniú an ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) ar Pholasaí Ard Oideachais in Éirinn – Impleachtaí don Earnáil TF. |
| **Seisiún 2:** | Ag Bainistiú Athraithe san Earnáil TF. |
| **Seisiún 3:** | Pleanáil Straitéiseach – An tSlí chun Ratha |
| **Seisiún 4:** | Fiontraíocht agus an Earnáil TF. |

Bhí an Stiúrthóir i láthair ag cruinniú faoi Bheartas an AE a eagraíodh don Chomhairle Stiúrthóirí le CGFE (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann) sa Bhruiséil ar an 8ú agus 9ú Feabhra 2005. Thug an grúpa cuairt ar AVANS Hodgeschool i DenBosch san Ísiltír chomh maith ar an 10ú Feabhra 2005.

Thug Michael Sharkey, Stiúrthóir ar Bhainistíocht Cháilíochta agus Sheirbhísí Mac Léinn, TAFE Institiúid Riverina NSW, Wagga Wagga, NSW, cuairt ar an Institiúid ar an 2ra Feabhra 2005 agus thug taispeántas do na bainisteoirí ar bhreisoideachas san Astráil.

## Fiontraíocht

Osclaíodh dóirse Ionaid Ghnó Tom Crean i lár Nollag 2004. Mar aonad cothaithe fiontair atá suite ar an gcampas bhí tarraingt aige láithreach ar fhiontraíocht faisnéise an cheantair. Fé Deireadh Fómhair 2005 bhí 70% den ionad á úsáid ag 13 comhlachtaí difriúla.
Tá meascán mór de'earnála éagsúla sna comhlachtaí seo ó fhorbairt bhogearraí, ríomhthráchtáil agus dearadh grafach go cláracha foghlama luathaithe. Sna comhlachtaí iontu féin cruthaíodh cnuasach uathúil fiontraithe agus dealraítear go roinneann siad idéanna agus eispéireas lena chéile agus sa chaoi sin cuireann siad leis an tairbhe atá le baint as an ionad trí rochtain a bheith acu ar acmhainní IT Trá Lí agus na Páirce Teicneolaíochta Ciarraí.
Leanann an t-ionad ar aghaidh le forbairt a chuid seirbhísí agus oibreoidh sé mar chatalaíoch suntasach d'fhorbairt réigiúnach de bharr a shuímh lárnaigh ar an gcampas óna bhfuil sé ag cur gnó na teicneolaíochta chun cinn.

Faoi láthair tá an t-ionad ag tabhairt áite do thrí chomhlacht áitiúil atá ag glacadh páirte sa chlár Geineasais. Tá tacaíochta á fáil ag an gclár seo ó Fhiontraíocht Éireann. Soláthraíonn an clár aonbhliana seo traenáil gnó agus meantóireacht fhairsing do ghnólachtaí nua-thionscanta a bhfuil ard-acmhainn acu. Ba chabhair mhór é an comhaontas seo i bhforbairt ghnó nua san ionad.

## TecNet

Thug cúrsa traenála sa réimse fiontraíochta oideoirí agus bainisteoirí lár ionad cothaithe ó 11 cheann d'Institiúidí Teicneolaíochta le chéile i dTrá Lí ar an 10ú agus 11ú Feabhra 2005. Ba é seo an chéad leath de chúrsa i ndhá chuid a bhí le seachadadh in Éirinn mar chuid de thionscadal atá á mhaoiniú ag an AE agus á threorú ag TecNet.
Is í an aidhm atá ag an gcúrsa píolótach, a cuireadh ar aghaidh mar chuid den tionscadal Inicia ná "chun spiorad na fiontraíochta i measc mac léinn tríú leibhéil a chothú agus chun iad a spreagadh chun gnólachtaí rathúla den scoth a thionscain".
D'fhorbair agus sheachadaigh An Dr. Colette Henry, DKIT agus Paul Healy, Healy & Associates an cúrsa.
Ba iad cuid de na téamaí a pléadh ná fiosrú cén fáth a roghnaíonn daoine bheith ina bhfiontraithe, a dtréithe/ngéithe carachtair; an deis ghnó cheart a aithint; ag déanamh taighde ar smaointe gnó; gnó fíor a dhéanamh den choincheap; bacainní ar thionscain do ghnó féin a shárú agus pleananna gnó a fhorbairt.
Thug Alison Boardman, ó Unique Voice, léiriúchán lán de thuiscint ar uirlisí margaíochta don bhfiontraí nua-aimseartha. Thosnaigh Alison, atá ag críochnú a céime Máistreachta in IT Trá Lí, a comhlacht féin i 2003 agus í fós ag staidéar dá bunchéim. Thosnaigh a gnólacht mar sheirbhís aistriúcháin ach anois tugann sé seirbhís ateangaireachta, seirbhís teanga agus seirbhís guthaithe ina teannta sin.

## Ginearálta

Thug Martina Burke, Seirbhísí le haghaidh Gnó, FÁS, Oifig Chorcaí, cuairt ar an Institiúid ar an 27ú Aibreáin 2005 chun an fhéidearthacht a phlé go gcuirfeadh an Oifig Forbartha cúrsaí do GBM (Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide) ar fáil le hurraíocht ó FÁS.

# Nithe atá bainte amach ag an bhFoireann

**1. Forbairt Ghairme Leanúnach**

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Michael Hall | M.Eol. in Ardteicníochtaí Eolaíochta | 2004 |
| Marty Boylan | Cúrsa Stiúidió Max 3D | 2004/2005 |
| Angela O'Connor Desmond | Dioplóma Iarchéime i bhFaisnéis agus Staidéar Leabharlainne | 2005 |

**2. Cur i láthair ag Comhdhálacha / Seimineáir & Foilsiúcháin**

**An Dr. Michael Hall, Scoil na hEolaíochta**

Tá Táirgí le Colaistéaról Ocsaíde in Iasc Próiseáilte Reoite a d'fhéadfadh a bheith Cíteatocsaineach do Chealla Granulosa Ubhagáin Buaibheacha( 2003). Imeachtaí ón seachtú Collóiciam Eolaíochta agus Taighde Ríomhaireachta, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Éire.

Eilish Broderick, Ralph Richardson, Tony Pembroke, An Dr. Henry Lyons agus An Dr. Michael Hall, Critéir Fisiciúla le haghaidh Measúnaithe ar Oiriúnacht Ábhar Nua atá Algionáit-Bunaithe d'Fheidhmiúcháin Rialaithe Scaoileadh Drugaí. (2003) Imeachtaí ón seachtú Collóiciam Eolaíochta agus Taighde Ríomhaireachta, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Éire.

**Clare Rigg, Scoil Staidéir Ghnó agus Staidéir Shóisialta**

**Caibidlí Leabhar**
"Does Critical Management Learning produce Critical Managers?" i C. Elliott agus S. Turnbull (eagráin) (2005) Critical Thinking in Human Resource Development Londain: Routledge

**Alt**
(2005) "It's in the Way They Talk – A discourse analysis of managing in 2 small businesses" International Journal of Enterpreneurial Behaviour and Research 11(1)

(2004) 'Reflections on working with critical action learning' le Trehan, K. Action Learning 1(12)

**Páipéar Chomhdhála**
(2005) 'What space for constructionist evaluation in a consultancy context?' with Dalziel, R. Sixth International Conference on HRD Research and Practice Across Europe - Human Resource Development: addressing the value. Leeds 25-27 Bealtaine 2005.

**Conarthaí Leabhar a baineadh amach:**
bailiuchán curtha in eagar le Sue Richards, le teacht amach Earrach 2006
Action Learning, Leadership And Organizational Development In Public Services Routledge

bailiúchán curtha in eagar le Jim Stewart & Kiran Trehan, le teacht amach Samhradh 2006
Critical Human Resource Development: Beyond Orthodoxy Pearson

**Peter Van De Kamp, Scoil Ghnó**
eag., Irish Literature. The Nineteenth Century. 1800-1840 (i gcomhar leis an Oll. A. Norman Jeffares). Baile Átha Cliath & Oregon: Preas Acadúil na hÉireann, 2005 (li & 402 lth.)

eag., Irish Literature. The Eighteenth Century (i gcomhar leis an Oll. A. Norman Jeffares). Baile Átha Cliath & Oregon: Preas Acadúil na hÉireann, 2005 (xxii & 399 lth.)

Fuair Peter Van de Kamp cuireadh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha chun léachtaí a thabhairt i Singapore chun Lá Bloom a cheiliúradh, agus thug sé na léachtaí seo a leanas:

- Joyce agus Baile Átha Cliath, Ollscoil Nanyang, Singapore, 2005.
  Ullysses le Joyce agus an Lúbra Nua-aimseartha, Musaem Ealaíona Nua-aimseartha Singapore, 2005.

- Thug sé seiminéaraí ar "Dubliners" le Joyce ar feadh dhá seachtaine ag Scoil Shamhraidh Idirnáisiúnta James Joyce.

Chuir sé léirmheasanna isteach sa nuachtán "Sunday Independent" agus go Raidió RTE chomh maith.

**Dr. Alan Ringland, Scoil na hEolaíochta**

Cuireadh na páipéirí seo a leanas i láthair:
**Diaibéiteas: Éifeacht Chláir Chleachtaidh Choirp ar rialú glúcóis fola** Iris Eorpach um Chosc agus Athshlánú Cardashoithíoch, 2004, 11, 99

**Dearcadh ar Chorpoideachais:** Postaer a cuireadh i láthair ag Comhdháil Cháilíochtúil Chéad Taighde in Aclaíocht agus Spórt, Bealtaine 2004, Ollscoil Learphoill John Moores

**Espéireas Iarchéime: An dtugaimid sásamh don chliant?** Acadamh Bainistíochta na hÉireann, 2005 (glacadh leis an bpáipéar)

**Mothú an dalta i leith Choirpoideachais:** Comhdháil BERA, Ollscoil Glamorgan, Meán Fómhair 2005

**Cad leis a mbíonn mic léinn ag súil ó choláistí tríú leibhéil?** Comhdháil BERA, Ollscoil Glamorgan, Meán Fómhair 2005

**Sláinte Mheabhrach agus Aclaíocht: An bhfuilimid tagtha fós?** HYPERLINK "http://www.kmha.ie" www.kmha.ie (Samhain)

**Kristin Brogan, Scoil Ghnó**

**Léirithe ag comhdhálacha idirnáisiúnta**

**Dáta:** 7ú-9ú Meán Fómhair 2004
**Eagrú:** ASET Integrated Work and Learning, Ríocht Aontaithe
**Gníomh:** Páipéar curtha i láthair ag Comhdháil ASET, Cambridge, Ríocht Aontaithe (in éineacht l
An Dr. Matt Smith, IT Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath)

**Eagrú:** Ollscoil Vilnius, Institiúid do Theangacha Iasachta agus Roinn Focleolaíochta an Bhéarla, Lithuáin.
**Gníomh:** Páipéar curtha i láthair ag comhdháil idirnáisiúnta "Nuálaíocht agus traidisiún i staidéar teangacha na linne seo".
**Foilsithe:** Foilsithe i 2005 in éineacht leis An Dr. Matt Smith, ITB

**Dáta:** Márta 2005
**Eagrú:** Coláiste Tuusulanjarvi, an Fhionlainn
**Gníomh:** Páipéar curtha i láthair ar son na hoifige idirnáisiúnta ag an seiminéar idirnáisiúnta faoi dhearbhú cáilíochta do shocrúcháin.

**Dáta:** Lúnasa 2005
**Eagrú:** IDT, Ollscoil Graz, An Ostar
**Gníomh:** Léiriú "Problem Solve" i nGearmáinis ag IDT. (Comhdháil idirnáisiúnta do mhúinteoirí na Gearmáinise)

**Tionscadail AE agus Soghluaisteacht (Clár Leonardo da Vinci)**

Ó 2003 anuas, tá baint ag Kristin le tionscadail AE sa réimse teangacha: Dhá thionscadal Leonardo agus tionscadal Lingua 2 amháin. Bhí ITT ina Bainisteoir Cáilíochta ar thionscadail AE agus tá i gcónaí. Tá léirithe mar gheall ar ITT agus tionscadail ag comhdhálacha náisiúnta/idirnáisiúnta agus taisteal idirnáisiúnta leanúnach le haghaidh cruinnithe comhpháirtíocha san áireamh leis seo.

I mí Iúil 2005, d'eagraigh Kristin cruinniú comhpháirtíoch Lingua 2 ag ITT

Bhí baint ag Kristin chomh maith, leis an aighneacht rathúil d'iarratas soghluaisteachta Leonardo chuig Léargas, an Ghníomhaireacht Náisiúnta in Éirinn. (Samhradh 2005)

**Foilseacháin**

1. Páipéar curtha i láthair ar son na hOifige Idirnáisiúnta d'ITT ag siompóisiam idirnáisiúnta "Lernort Europa" – foilseachán de chuid Rialtas na Gearmáine i 2004.

2. Foilsíodh páipéar a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil ASET ina leabhar chomhdhála "Ag Inmeascadh Oibre & Fhoghlaim: Comhpháirtíochtaí do Shocrúchán", Cambridge, 2005.

3. Foilsíodh páipéar a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil i Vilnius i "Nuálaíocht agus Traidisiún i Staidéar Teangacha na Linne Seo", Preas Ollscoile Vilnius, An Lithuáin, 2005.

**Cistiú ón choimisiún an AE**

Fuair Ms. Brogan cistiú, agus í ina hionadach don Roinn Oideachais agus Eolaíochta na hÉireann ag ceardlann idirnáisiúnta san Ionad Eorpach um Nuatheangacha i Meán Fómhair 2004 i nGraz, Ostar. “Míniúcháin lasmuigh d’fhocail” an t-ainm a bhí ar an gceardlann agus fuair sí cistiú ó Chomhairle na hEorpa.

Fuair sí cistiú leis, chun páirt a ghlacadh i seimineár teagmhála Lingua, le léiriú mar gheall ar ITT. Prág, Poblacht na Seice, Bealtaine 2005.

**Cúrsaí eile**

**Ray Monahan, Scoil Ghnó**
D’fhoilsigh Ray Monahan alt sa bhForlíonadh Oideachais den “Irish Times” i Feabhra 2005 faoin teidil “Dair Bhreá Mhín na Scairte , Caisleán Ghriaire”.

**Seachtú Collóiciam bliantúil na n-Institiúid, ag baint le Taighde Eolaíochta**
Bhí ITT ag ina hóstach ar 7ú Collóiciam na n-Institiúid Teicneolaíochta, a bhain le Taighde Eolaíochta. Ba é An Dr. James Walsh cathaoirleach an choiste eagrúcháin agus deineadh comhghairdeas leis mar gheall ar a chuid oibre den scoth. Bhí 50 postaér agus 75 léiriú béil ó thaighdeoirí agus mhic léinn sa chomhdháil. Bronnadh an duais don léiriú béil ab fhearr ar mhic léinn iarchéime atá ag obair in ITT, Eilish Broderick agus Carol O’Shea, ina gcatagóirí faoi seach.

**Susan Motherway, Scoil Ghnó**
Fuair teidil an Chomhpháirtí Thaighde Cuairte ar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste don Bhliain Acadúil 2005.

Ball bunaithe den Choiste Náisiúnta den Chomhairle Idirnáisiúnta um Cheol Traidisiúnta.

Ainmnithe mar iarrthóir do thoghchán Comhairle an Chumainn Eitnicheoleolaíochta i 2005.

**Aoileann Nic Gearailt, Scoil na hEolaíochta**

Ghlac Aoileann páirt i Seachtain Idirnáisiúnta an Tionscadail i gColáiste Mercuria sa bhFionlainn in Aibreán 2005.

# Ionad Nuálaíochta Chiarraí

Tá Ionad Nuálaíochta Chiarraí á reáchtáil ag an Institiúid i gcomhpháirtíocht le Forbairt na Sionainne, le Forbairt agus le Cumann Lucht Trádála Thrá Lí. Is é Maurice O'Connor cathaoirleach an Bhoird. Tugann Ionad Nuálaíochta Chiarraí aonaid fhordheonaithe d'fhiontraithe atá ag dul i mbun gnó. Is cabhair dóibh é sin chun teacht slán sábháilte trí thréimhse thábhachtach thosaigh a ngnóthais. Tairbhe eile atá ag gabháil leis seo is ea gur féidir le tionóntaí na haonaid a fhágáil gan phionós a bheith á ghearradh orthu má thugaid said fógra fágála mí roimh ré.

D'éirigh le mórán gnóthais a thosnaigh anseo iad féin a mhéadú agus bogadh ar aghaidh chuig Páirc Theicneolaíochta Chiarraí. Tá an t-Ionad ag cuimhneamh ar acmhainní breise chun a bhonn ioncaim a mhéadú.

Ba é brabús glan an Ionaid don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2005 €10,373.



# Forbairt an Champais

**Ionad Sólás**

Bhí an oscailt oifigiúil den bhFoirgneamh Sólás ar siúl ar an Aoine 6ú Bealtaine 2005. D'oscail Mary Harney, T.D., Aire Sláinte agus na Leanaí, an Foirgneamh go hoifigiúil agus sholáthraigh foireann agus mic léinn na Roinne Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta sólaistí sa bhialann "HCT"(Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht) ina dhiaidh sin.

**Páirceanna Imeartha**

Ba é an príomhthionscadal a bhí á chríochnú ag Eastates i Lúnasa 2005 ná forbairt páirce imeartha chairpéid ghainí an CLG agus páirce imeartha uile-aimsire le dromchla as rubar sintéiseach. Tá tuilsoilsiú iomlán ag an da thionscnamh.

**Cearpantóireacht agus Siúnéireacht**

Tharla tionscadal Cearpantóireachta agus Siúnéireachta sa Champas Theas inar cruthaíodh cóiríocht le haghaidh dhá bhloc Chearpantóireachta agus Siúnéireachta breise. Bhí sé riachtanach limistéar stiúidió an urlár rince a bhí ann cheana féin a aistriú agus láthaireacha Aontas na Mac Léinn a mhéadú agus a aistriú chuige seo.

**Campas Glas**

Bhí an Institiúid ina hóstach ar Lá Comhshaoil ar leith don Institiúid ar fad a bhí dírithe ar athchúrsáil. Ba é Coiste Comhshaoil an Champais Ghlais, a sheasann d'fhoireann agus do mhic léinn ITT araon, a d'eagraigh an tionscnamh. Bhí léiriú le Michael O'Coilean, Oifigeach Chomhshaoil Chomhairle Chontae Chiarraí, agus seisiún ceisteanna agus freagraí do mhic léinn ina dhiaidh sin. Eagraíodh an lá mar chomhartha ar theacht 60 bosca brúscair chig ITT chun scaradh agus athchúrsáil pháipéir, channaí, phlaistigh agus drámhaíle ghinearálta a éascú.



# An Grúpa Stiúrtha

Tá Grúpa Stiúrtha na hInstitiúide Teicneolaíochta comhdhéanta de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992). Tá 19 mball ann. Chríochnaigh an Grúpa Stiúrtha atá tar éis imeacht a thréimhse in oifig i Márta 2005 agus tháinig an Grúpa Stiurtha nua in oifig do thréimhse cúig bliana i Meitheamh 2005.

**Baill an Ghrúpa Stiúrtha roimhe seo (Bhí a Thréimhse Oifige istigh i Márta 2005)**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Flan Garvey | Cathaoirleach |
| Michael Carmody | Stiúrthóir |

Seisear ainmnithe ón gCoiste Gairmoideachais faoi réir mhír a 6(4)(a) agus (b) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Terry O'Brien | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir Ted Fitzgerald | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| Philomena Lynch | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| Patrick O'Sullivan | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir John Griffin | Coiste Gairmoideachais Cho. Luimní |
| An Comhairleoir Peter Considine | Coiste Gairmoideachais Cho. An Chláir |

| | |
|---|---|
| Seán O'Brien | Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn |
| Seán Clifford | Ainmní Chónaidhm Thionscail na Foirgníochta (CTF) |

Ceathrar ainmnithe ón gCoiste Gairmoideachais faoi réir mhír a 6(4) (1) (g) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| Mary O'Sullivan | Cumann na Múinteoirí Eolaíochta in Éirinn |
| Pat Salisbury | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (d'éirigh as an nGrúpa Stiúrtha i Bealtaine '03) |
| Patrick O'Leary | Cumann Trádála Tarracóirí agus Innealra Feirme |
| Kay Caball | CERT |

Faoi réir mhír 4 (3) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| Kenneth McMahon | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/05) |
| Geraldine Stack | Ionadaí Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/05) |
| John Daly | Ionadaí na Foirne Riaracháin/Teicniúla |
| Joan Cleary | Ionadaí na Foirne Acadúla |
| Cyril Gavaghan | Ionadaí na Foirne Acadúla |

**Baill an Ghrúpa Stiúrtha nua (Thosnaigh a Thréimhse Oifige i Meitheamh 2005)**

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Flan Garvey | Cathaoirleach |
| Michael Carmody | Stiúrthóir |

Seisear ainmnithe ón gCoiste Gairmoideachais faoi réir mhír a 6(4)(a) agus (b) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Terry O'Brien | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| Tomas O Cruadhlaoich | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| Maria O Gorman | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| Tony O Callaghan | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-An CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir John Griffin | Coiste Gairmoideachais Cho. Luimní |
| An Comhairleoir Peter Considine | Coiste Gairmoideachais Cho. An Chláir |

| | |
|---|---|
| Mr. Andrew McCarthy | Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn |
| Mr Sean Clifford | Ainmní de chuid Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta |

Ceathrar ainmnithe ón gCoiste Gairmoideachais faoi réir mhír a 6 (4) (1) (g) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| Eamonn Neachtain | Údarás na Gaeltachta |
| Mary Owens | Fáilte Éireann |
| Margie Lynch | Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte |
| Joan Fahey | Fiontraíocht Éireann |

Faoi réir mhír 4 (3) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| Jerry Kelliher | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/06) |
| Louise Curran | Ionadaí Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/06) |
| Mary Dennehy | Ionadaí na Foirne Riaracháin/Teicniúla |
| Joan Cleary | Ionadaí na Foirne Acadúla |
| Martin O Grady | Ionadaí na Foirne Acadúla |

Reáchtáladh ceithre cruinnithe déag san iomlán ar na dátaí seo a leanas:

*13ú Meán Fómhair 2004•*
*17ú Meán Fómhair 2004•*
*28ú Meán Fómhair 2004*
*19ú Deireadh Fómhair 2004*
*23ú Samhain 2004*
*15ú Nollaig 2004*
*21ú Nollaig 2004*
*1ú Feabhra 2005*
*1ú Márta 2005*
*29ú Márta 2005*
*13ú Aibreán 2005•*
*6ú Bealtaine 2005•*
*29ú Meitheamh 2005*
*4ú Iúil 2005•*
*26ú Lúnasa 2005•*

** Ciallaíonn sé seo gur seoladh an cruinniú ag an Stiúrthóir agus ag an gCathaoirleach faoi réir mhír 11 (5) d'Acht n gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992).*

# An Chomhairle Acadúil

## Réamhrá

Is eagraíocht reachtúil í Comhairle Acadúil na hInstitiúide Teicneolaíochta Thrá Lí, go bhfuil a cuid feidhmeanna sainmhínithe i Mír 11 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992. Ullmhaíonn an Chomhairle Acadúil Tuarascáil Bhliantúil d'fhonn gur féidir leis an bhfoireann agus le lucht leasa eile eolas níos fearr a fháil ar a cuid gníomhaíochtaí, agus d'fhonn taifead foirmiúil de ghníomhaíochtaí den sort seo a choinneáil.

## Ballraíocht

Ceapann an Grúpa Stiúrtha baill na Comhairle Acadúla i gcomhair théarma oifige trí bliana. Ceapadh an Chomhairle Acadúil ar an 31ú Nollaig 2003 do théarma trí bliana ón dáta sin. Áirítear baill ex-officio, baill thofa den bhfoireann acadúil agus mic léinn ar bhaill na comhairle.

### Baill ex-officio ón 31ú Nollaig 2003

| | |
|---|---|
| ***Stiúrthóir*** | Michael Carmody (Cathaoir) |
| ***Cláraitheoir*** | An Dr. Oliver Murphy (Rúnaí) |
| ***Ceann Forbartha*** | An Dr. Henry Lyons |
| ***Cinn Scoile*** | Gnó & Staidéar Sóisialta: Brian O'Connor<br>Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta: Kevin Lynch<br>Eolaíocht & Ríomhaireacht: Séamus O'Shea |
| ***Cinn Roinne*** | Gnó & Daonnachtaí: Pat McGarty<br>Faisnéisíocht Ghnó: Kay Fitzgerald<br>Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht: Mary Rose Stafford<br>Innealtóireacht Shíbhialta & Staidéar Foirgníochta: John Murphy<br>Eolaíochtaí Ceimice & Beatha & Staidéar Sláinte/Folláine & Fóillíochta: An Dr. Noel Mulligan<br>Staidéar Altranais & Cúraim Shláinte: An Dr. Gary Browne<br>Ríomhaireacht & Matamaitic: Deirdre Lillis |
| ***Leabharlannaí*** | Pat Doherty |
| ***Bainisteoir Riaracháin Acadúla & Cúrsaí Mac Léinn*** | Dick Carmody |

**Foireann Acadúil Thofa**
***Scoil an Staidéir Ghnó & Staidéir Shóisialta***
Peter Sharpe
Colm O'Doherty
Deridre Kiely
Gerard O'Brien
Mary Lucey

**Foireann Acadúil Thofa**
***Scoil na hInnealtóireachta***
Pat Flynn

Gary Fort
Dave Frizelle
Dave Hegarty
An Dr. James Prendergast

**Foireann Acadúil Thofa**
***Scoil na hEolaíochta***
John Corr
William Evans
Sandra Hanley
Fiona O'Flynn
Edel Randles

**Baill atá ina mic léinn:** Kenneth McMahon, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn: (2004/2005)
Geraldine Stack, Oifigeach, Aontas na Mac Léinn (2004/2005)



## Sceideal na gCruinnithe

Bíonn cruinniú ag an gComhairle Acadúil uair gach mí idir mí Mheáin Fhómhair agus mí an Mheithimh. Bíonn cruinniú ag a ceithre fo-choistí de réir mar is gá ar fud na bliana. Tá an Chomhairle sásta comhchruinnithe a chur ar siúl leis an nGrúpa Stiúrtha gach ré bliain. Reáchtáladh na cruinnithe seo a leanas den gComhairle Acadúil i gcaitheamh 2004/2005:

- 13ú Meán Fómhair 2004
- 11ú Deireadh Fómhair
- 8ú Samhain 2004
- 13ú Nollaig 2004
- 17ú Eanair 2005
- 14ú Feabhra 2005
- 28ú Feabhra 2005
- 11ú Aibreán 2005
- 16ú Bealtaine 2005
- 16ú Meitheamh 2005

## Comhchruinnithe idir an gComhairle Acadúil agus an Ghrúpa Stiúrtha

Reáchtáladh na comhchruinnithe seo a leanas idir an gComhairle Acadúil agus an Ghrúpa Stiúrtha i gcaitheamh 2004/2005

- Níor cuireadh aon cruinnithe ar siúl i rith na bliana acadúla 2004/2005



# Scoil an Staidéir Ghnó & an Staidéir Shóisialta

Soláthraíonn an Scoil Ghnó cláracha ar leibhéal an Ardteisteais, ar leibhéal na Gnáth Chéime agus ar leibhéal na hArdchéime. Tá roinnt mac léinn iarchéime sa scoil, leis, atá ag déanamh ar chéimeanna níos airde trí thaighde. Tá a lán béime á cur ar theicneolaíochtaí nua faisnéise sna cláracha go léir.

Tá trí ranna sa Scoil Ghnó:

- Gnó & Daonnachtaí
- Faisnéisíocht Ghnó
- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht

Baill nua den bhfoireann acadúil:

- Catherine Moylan
- Fiona Mullins
- Deirdre Boyle
- Tom Farrelly

Cúrsaí atá á bhforbairt:

- MBS i gcomhcheangal le hInstitiúid Teicneolaíochta Áth Luain agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí.
- B.Eal. (Onóracha) Cúraim Luath-Óige in Oideachas
- B.Gnó (Gnáth) Bainistíocht
- B.Gnó (Onóracha) Turasóireacht
- B.Gnó (Onóracha) Turasóireacht agus Teanga

Cuireadh an pleanáil thosaigh don chomhdháil AEHT (Comhlachas Eorpach na Scoileanna Óstáin agus Turasóireachta) i gcrích.

Idirnáisiunta: Deineadh naisc le hAcadamh Lake Constance, An Eilbhéis, maidir le Clár Ealaíona Cócaireachta agus chomh maith leis sin deineadh forbairt ar naisc le coláistí sa tSín maidir le MBA.

| | |
|---|---|
| Ceann Scoile: | Brian O'Connor |
| Ceann Roinne (Gnó & Daonnachtaí) | Pat McGarty |
| Ceann Roinne (Faisnéisíocht Gnó) | Kay Fitzgerald |
| Ceann Roinne (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht) | Mary Rose Stafford |

# Scoil na hInnealtóireachta agus Staidéir Foirgníochta

Táirgeann an Scoil réimse leathan cúrsaí atá dearbhaithe ag CDAOO (Comairle um Dámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna). Tá cúrsaí don Teastas Ard-Leibhéil, don nGnáth Chéim agus don gCéim Onóracha san áireamh anseo. Féadann mic léinn Máistreacht san Eolaíocht a bhaint amach trí thaighde, chomh maith.

Táirgtear modúil phrintíseacha Céim 4 agus Céim 6 de na cúrsaí Meicnice Talmhaíochta agus Cearpantóireachta agus Siúnéireachta ina theannta sin.

Tá baint ag Foireann agus mic léinn na Scoile le malartaithe faoin gclár ERASMUS AE.

Tá dhá Roinn i Scoil na hInnealtóireachta agus Staidéir Foirgníochta:

- Innealtóireacht Thalmhaíochta agus Déantúsaíochta
- Innealtóireacht Shíbhialta agus Staidéar Foirgníochta

Ba í Scoil na hInnealtóireachta ceann de na chéad scoileanna a cuireadh ar bun san Institiúid. Tá sí lonnaithe sa Champas Theas cóngarach do lár bhaile Thrá Lí. Táirgeann an da Roinn cúrsaí éagsúla atá dírithe ar thionscail Síbhialta, Foirgníochta, Talmhaíochta agus Déantúsaíochta. Faigheann céimithe ón dá Roinn, bíodh iad ag leibhéal céime, díopóma nó teastais, fostaíocht oiriúnach sna réimsí atá roghnaithe acu.

Tugann an meascán de teoiric agus cleachtas i gcláracha na Scoile bunús daingean chun gairm shásúil a bhaint amach san Innealtóireacht nó sa bhFoirgníocht.

Tá conairí forchéimnithe i gcúrsaí na Scoile ón Teastas Ard-Leibhéil ar aghaidh go dtí an leibéal iarchéime. Má bhíonn fonn ar mhic léinn tá rogha acu chun cúrsaí tríú leibhéil eile a thógaint suas in Institiúidí Ard-Oideachais eile.

*Tá duine dá foireann ceaptha ag an Scoil mar oifigeach um Réamhfhoghlaim a fhaomhadh. Oibríonn an t-oigifeach seo i gcomhcheangal le bóird chúrsaí na Scoile agus le Comhairle Acadúil na hInstitiúide chun creidmheasa a cheadú d'iarrthóirí neamhchaigdeánacha as ucht foghlama atá déanta acu cheana féin ar chláracha na Scoile.*


Tá naisc láidre bainte amach ag an Institiúid agus ag Scoil na hInnealtóireachta leis an tionscal le blianta anuas. Cuireadh tús le cúrsaí go léir ar nós Bainistíocht Saoráidí, Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach agus Innealtóireacht Bheachtais san Institiúid mar fhreagra ar riachtanais sonracha sa tionscal. Maidir leis na saotharlanna agus ceardlanna úrscothacha atá ar fáil do mhic léinn, tá na cinn seo a leanas san áireamh:

- Saotharlanna Oiliúna Ríomhchuidithe
- Saotharlanna Dearaidh Ríomhchuidithe
- Ceardlanna Innealtóireachta Thalamhaíochta
- Saotharlann Struchtúr
- Saotharlann Tástála Coincréite agus Asfailt
- Saotharlann Tástála Ithreacha
- Saotharlann Sreabháin
- Saotharlann Eolaíochta Innealtóireachta
- Saotharlann Rialaithe Phróisis
- Saotharlanna Ríomhaire
- Saotharlanna agus Ceardlanna Innealtóireachta Leictreonaice
- Ceardlann Innealtóireachta Mheicniúla

Tá achmhainí d'fhearais carnaithe ag an Scoil i gcaitheamh na mblianta, le cúnamh airgeadais ó dheontas bliantúil athfhillteach an Rialtais agus ó dheontaisí fearais ón tionscal. Dé bharr na ndeontas fearais seo tá ar chumas na Scoile cúrsaí a tháirgeadh nach mbeadh sí in ann cur ar fáil murach iad.

Bíodh is go bhfuil líon na mac léinn a thugann faoi chúrsaí san Innealtóireacht Shíbhialta agus sa Staidéar Foirgníochta á choinneáil mar a bhíodh, is ábhar imní don Scoil go bhfuil laghdú 75% tagtha ar líon na mac léinn a théann i mbun cúrsaí a bhaineann le déantúsaíocht, ar a n-áirítear innealtóireacht mheicniúil agus cúrsaí leictreonaice. Is léir é seo má chuirtear iontógáil na mac léinn ar na cúrsaí seo i Meán Fómhair 2004 i gcomparáid le hiontógáil na mac léinn i Meán Fómhair 1998.

Léirítear an laghdú ar iontógáil na mac léinn ar chúrsaí déantúsaíochta sa chairt seo.




Tábla 1: Laghdú ar Iontógáil na Mac Léinn ar chúrsaí déantúsaíochta in Institiúid na Teicneolaíochta Trá Lí 1998-20044

Cé go bhfuil feabhsú beag tagtha ar iontógáil na mac léinn i 2003, fós tá líon na mac léinn a roghnaíonn cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí i 2004 75% níos ísle ná an líon a earcaíodh in 1998. Is é toradh ar an laghdú seo ná gur cuireadh iachall ar an Scoil roinnt cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta a dhúnadh síos. Má leanann an laghdú seo ar aghaidh, ciallóidh sé go gcuirfear deireadh le níos mó cúrsaí sa réimse déantúsaíochta.

Tá an Scoil buartha go bhfuil an easpa éilimh ar chúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta ag fás i measc pobal ginearálta na mac léinn agus faoi na torthaí a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar thionscal na déantúsaíochta sa fadthréimhse.

Ceann Scoile na hInnealtóireachta: Kevin Lynch
Ceann Roinne: Staidéar Innealtóireachta Síbhialta agus Foirgníochta: John Murphy

# Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta

Tairgeann Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta réimse leathan cúrsaí tríú leibhéil ó Ardtheastas go leibhéal Máistreachta. Tá na cúrsaí dearbhaithe ag CDAOO (Comhairle um Dámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna). Thóg an Scoil a céad grúpa mac léinn isteach san M.Eol. i Ríomhaireacht – is é seo clár comhoibríoch uathúil atá á sheachadadh trí fhíschomhdháil maraon le teicneolaíocht ríomhfhoghlamtha í gcomhpháirtíocht le hIT Dhún Dealgáin. Tá an clár seo ag fáil cistithe ón Údarás um Ard-Oideachas. I 2004/2005 fuair na cúrsaí seo a leanas bailíochtú:

Dioplóma Leibhéil Níos Airde san Eolaíocht i Ríomhaireacht
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Chluichí
Teastas Leibhéil Níos Airde in Ealaíon (Oideachas Aosach)
M.Eol.(MSc) i dTeicneolaíochtaí Oideachasúla
M.Eol.(MSc) i bhFaisnéisíocht Cúraim Shláinte

Tháinig laghdú de 7% ar líon na mac léinn sa Scoil ón mbliain roimhe sin go 1,283 (le 486 mac léinn páirt-aimseartha san áireamh). Is iad na haistrithe is mó ná laghduithe sa mhéid mac léinn i Ríomhaireacht agus in Eolaíochtaí Ceimice agus Beatha.

Aistarraingíodh na cúrsaí seo a leanas:

Teastas Leibhéil Níos Airde san Eolaíocht i bhFótóinic
Gnáth Chéim san Eolaíocht i bhFótóinic

Tá ceithre ranna i Scoil na hEolaíochta agus Ríomhaireachta:

- Ríomhaireacht agus Matamaitic
- Na hEolaíochtaí Ceimice agus Beatha
- Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
- Staidéar Altranais agus Cúraim Shláinte

Cuireadh ualach mór oibre i gcrích sa Scoil le hAthbhreithniú Cláir rathúil agus leis an bhforbairt dá dara Plean Straitéiseach don tréimhse 2004-07, atá ar aon dul leis an bPlean Straitéiseach don Institiúid don tréimhse chéanna.

Osclaíodh an Foirgneamh Staidéir Cliniciúil nua.

Tá Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta an-ghnóthach i réimse na taighde agus tá a lán nasc aici leis an tionscail ina bhfuil comhoibriú ar siúl eatarthu. Tá 54 mac léinn cláraithe i gcomhair staidéar iarchéime faoi láthair. Déantar bainistíocht ar cheithre cinn de na Ranna Taighde Straitéisí don Institiúid (bunaithe i 2004/05) laistigh den scoil:

- Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn: Gan Sreang & Soghluaisteacht
- Ríomhfhoghlaim & Oideachas
- Acmhainní Nádúrtha & Bainistíocht Chomhshaoil
- Altranas, Cúram Sláinte & Sóisialta (bunaithe go déanach sa bhliain acadúil)

D'fhógair "WebCT"go mbeidh IT Trá Lí ainmnithe acu mar chéad faighteoir idirnáisiúnta dá dhuais Ceannaire Ábhair Dhigitigh. Cuirtear coláistí go léir ar fud an domhain a bhaineann úsáid as "WebCT" san áireamh maidir le bronnadh na duaise seo agus is éacht ollmhór é don Institiúid.

Aimsíodh cistiú €205k i gcomhair Comhpháirtíocht Nuálaíochta de chuid Fiontraíochta Éireann le hAltobridge Communications.

Cheadaigh an Feidhmeannas togra chomh maith chun "Observatoire" Éireannach Náisiúnta do Spórt a chur ar bun i gcomhpháirtíocht le Comhairle Spóirt na hÉireann, an Ionad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála (NCTC), ILAM Éire, REF agus an Roinn Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta agus Ionad Cara um Ghníomhaíocht Fhisiciúil Oiriúnaithe i gcomhpháirtíocht le Comhairle Spóirt na hÉireann.

Cuireann roghbhlúirí den méid oibre atá glactha mar chúram ag na Ranna Taighde Straitéisí (SRAs) na rudaí seo a leanas san áireamh:

- €18k faighte ó Fhiontraíocht Éireann i gcomhair tionscadal in éineacht le comhlachtaí i gComhpháirtíochtaí Traschur Faisnéise (KTP)
- Togra mór amháin € 300k ullmhaithe (Fionntraíocht Éireann, Comhpháirtíochtaí Traschur Faisnéise (KTP))
- Chríochnaigh obair le sé chomhlacht faoin scéim "RTA" de chuid Fhorbairt na Sionainne (socrúcháin iarchéime sé mhí)
- Chuir "Ionad TaighdeTerra Nova" ar bun san "RBIC" ina bhfuil saotharlann traenála le 10 suíochán agus láthair taighde iarchéime
- Beirt thaighdeoirí lán-aimseartha fostaithe
- Aimsíodh € 40k do M.Eol. sna Teicneolaíochtaí Oideachasúla le coláistí comhpháirtíochta Thalamh an Éisc agus Teic Virginia, S.A.M.
- Ghlac páirt sa tionscadal ríomhfhoghlama Atlantis le FH Darmstadt lena mbaineann 20 coláiste comhpháirtíochta idirnáisiúnta ( 6ú creatlach an AE)
- Chuir togra faoi bhráid AE/"MINERVA" i gcomhair tionscadal € 300k chun seomra ranga "Ceistigh an Lucht Féachana" a fhorbairt le ceithre pháirtnéir idirnáisiúnta
- Glacadh le páipéirí ag comhdhálacha "elite" náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse oideachais

| | | |
|---|---|---|
| Ceann na Scoile: | | Seamus O'Shea |
| Ceann na Roinne: | Eolaíochtaí Ceimice & Beatha | An Dr. Noel Mulligan |
| Ceann na Roinne: | Staidéar Sláinte/Folláine & Fóillíochta | An Dr. Noel Mulligan |
| Ceann na Roinne: | Ríomhaireacht & Matamaitic | Deirdre Lillis |
| Ceann na Roinne: | Staidéar Altranais & Cúram Sláinte | An Dr. Gary Brown |



# Cúrsaí a tairgtear

Soláthraíonn ITT réimse cursaí lán-aimseartha i Staidéar Gnó & Staidéar Sóisialta, in Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus in Eolaíocht & Ríomhaireacht. Dearbhaíonn an Comhairle um Dámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna, agus Comhairle um Dámhachtainí Breis-Oideachais agus Oiliúna agus an Roinn Oideachais & Eolaíochta na cúrsaí seo.

**Cúrsaí i Staidéar Gnó agus Staidéar Sóisialta:**

Ard Teastas i Staidéar Gnó
Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó
Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Córais Fhaisnéise Oifige
Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Teanga agus Gnó – Fraincís
Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Teanga agus Gnó – Gearmáinis
Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Pobail

Baitsiléir i Staidéar Gnó (Margaíocht)
Baitsiléir Gnó (Cuntasaíocht)
Baitsiléir Ealaíona i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó i nGnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Ealaíona i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht & Teangacha

Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) – Bainistíocht Óstaíochta Idirnáisiúnta
Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Margaíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Cuntasaíocht
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) – Ilmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i nGnó Leictreonach
Baitsiléir Gnó sna hEalaíona Cócaireachta
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i gCúraim agus Oideachas Luath-Óige
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe

Ard Dioplóma in Ealaíon i Múineadh Teangacha Bunscoile le hOideachas Aosach
M.A. in Ard-Staidéar Sláinte agus Cúraim Sóisialta.

**Cúrsaí san Innealtóireacht agus Teicneolaíocht**

Teastas Ard-Leibhéil in Eolaíocht agus Foirgníocht
Teastas Ard-Leibhéil i mBainistíocht Innealtóireachta Talmhaíochta
Teastas Ard-Leibhéil san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Teastas Ard-Leibhéil san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shíbhialta
Teastas Ard-Leibhéil san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Teastas Ard-Leibhéil san Innealtóireacht in Innealtóireacht Dhéantúsaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta i bhFoirgníocht
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shíbhialta

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta

**Cúrsaí san Eolaíocht agus Ríomhaireacht**

Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i bhFótóinic
Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i Ríomhaireacht
Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Teastas Ard-Leibhéil sa Ríomhaireacht i dTacaíocht do Theicneolaíocht Faisnéise

Baitsiléir Eolaíochta i bhForbairt Bhogearra Ríomhaireachta
Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eolaíochta san Altranas i (ACCS)(Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Riomhaireacht – Forbairt Bhogearra
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Saoráidí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirgí/Próiseas
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíocht agus Fóillíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas (ACCS) (Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Síciatrach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Staidéar Fiontair
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin

Dioplóma Iarchéime in Eolaíocht – Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas

Dioplóma Iarchéime i Ríomhaireacht san Oideachas

Máistir Eolaíochta i Ríomhaireacht san Oideachas

# Cúrsaí Páitraimseartha

**Gnó**
Institiúid Riaracháin Phoiblí – Dioplóma i Staidéar Gnó
Teastas Náisiúnta i Staidéar Sóisialta - Scaoileadh Lae
Taisteas Náisiúnta i Staidéar Pobail
Institiuid Bainistíochta na hÉireann – Teastas i mBainistíocht Mhaoirseachta
Teicneoir Cuntasaíochta (Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte) (ACCA) Bliain 1 & Bliain 2
Dioplóma Iarchéime i dTeanga Bhunscoile – Fraincís
"Sage" Cuntasóireachta Ríomhairithe ("LES")
Galileo ("LES")
Luathfhoghlaim
Cúrsa le haghaidh Béarla a mhúineadh mar theanga iasachta (TEFL) – Comhlachas
Scoileanna Aitheanta do Mhúineadh an Bhéarla ["RELSA"]
Coinneáil Éifeachtach Leabhar agus Chúntas
Ag Tosnú do Ghnó Féin

**Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht**
Cócaireacht na Meánmhara

**Innealtóireacht**
Ag Tógáil do Thí Féin
Taisteas Náisiúnta in Innealtóireacht Mheicniúil

**Ríomhaireacht**
Teastas Náisiúnta san Eolaíocht (Staidéar Comhcheangailte)
Ceadunas Eorpach Tiomána Ríomhairí
MSc i Ríomhaireacht san Oideachas

**Altranas**
Bunchúrsa Altranais
Dioplóma Náisiúnta san Altranas (Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)
B.Eol. san Altranas (Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)
MA san Altranas B 7
MA san Altranas B 8

**Cúrsaí Eile**
Siceolaíocht Phraiticiúil
Ardchúrsa Siceolaíochta Phraiticiúil
Dearadh Intí
Teastas Choláiste na hOllscoile Bhaile Áth Chliath sa tSláinte agus sa tSábháilteacht
Leictreonaic Innealra Feirme
Mná sa Ghnó
Teastas NISO sa tSláinte agus sa tSábháilteacht

# Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann Comhairle Náisiunta na nDámhachtainí Oideachais scrúdaitheoirí seachtracha chun go gcinntítear rialáil na gcaighdeán ag scrúduithe go bhfuil an Chomhairle i gceannas orthu. D'fhéadfaí scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh maidir le cúrsa iomlán nó maidir le hábhair aonair.

Is iad na feidhmeanna atá ag an scrúdaitheoir seachtrach na:

- Cinntiú go gcuirtear caighdeáin chuí i bhfeidhm
- Cinntiú go bhfuil caighdeáin sna hinstitiúidí éagsúla inchurtha lena chéile
- Féachaint ar dhréacht de gach páipéar scrúdaithe, ar gach freagra samplach agus ar na scéimeanna marcála agus deineann siad athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe srl., atá cuí ina dtuairim.
- Breith a dhéanamh ar oiriúnacht mharcáil na n-ábhar scrúduithe a chuirtear os comhair na n-iarratasóirí ar gach leibhéal rangaithe.
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin i ngach bliain acadúil

Bhí na daoine seo a leanas ina scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid i gcaitheamh na bliana acadúla 2004/2005.

**CÚRSAÍ I STAIDÉAR GNÓ**

Ard-Teastas i Staidéar Gnó
Declan Fleming
James Gerard Long

Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó
Declan Fleming
James Gerard Long

Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Córais Fhaisnéise Oifige
An Dr. Vincent Murphy
Declan Fleming

Baitsiléir i Staidéar Gnó (Margaíocht)
An Dr. Aidan Daly
An Dr. Damien Roche
Larry Elwood

Baitsiléir Gnó (Cuntasóireacht)
An Dr. Aidan Daly
James Gerard Long
An Dr. Damien Roche
Larry Elwood

Baitsiléir Ealaíona – Bainistiú Córas Faisnéise
An Dr. Vincent Murphy
Declan Fleming

Baitsiléir Gnó i nGnó Idirnáisiunta
Larry Elwood

Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Teangacha agus Gnó – Fraincís
Declan Fleming

Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Gnó – Teangacha agus Gnó – Gearmáinis
Declan Fleming

*Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht*
*Karen Gardiner*
*Donncha O Donoghue*

*Baitsiléir Ealaíona – Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta*
Eileen O'Neill
An Dr. Niall McElwee

MA in Ard-Staidéar Cúram Sláinte & Sóisialta
Paula Holt

*Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht agus Teangacha*
Karen Gardiner
Donncha O Donoghue

*Teastas Ard-Leibhéil i Staidéar Pobail*
John Andy Bonar

*Dioplóma Ard-Leibhéil Ealaíona i Múineadh Teanga Bhunscoile le Oideachas Aosach*
Ruth Harris

*Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) – Bainistíocht Óstaíochta Idirnáisiúnta*
Lucy Horan
Orla O'Doherty

*Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Margaíocht*
Larry Elwood
Vincent Murphy
Damien Roche

*Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Cuntasaíocht*
Larry Elwood
James Gerard Long
Vincent Murphy

*Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise*
Vincent Murphy
Declan Fleming

*Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) – Ilmheáin Idirghníomhacha*
Vincent Murphy
Helen Doherty

*Baitsiléir Gnó (Onóracha) i nGnó Leictreonach*
Pat Finnegan
Vincent Murphy

*Baitsiléir Gnó sna hEalaíona Cócaireachta*
Kevin Dundon
John O Hara

*Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-Óige*
Francis Douglas

## CURSAÍ SAN INNEALTÓIREACHT & TEICNEOLAÍOCHT

*Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i bhFoirgníocht*
Joe Garry

*Teastas Ard-Leibhéil i mBainistíocht Inealltóireachta Talmhaíochta*
Ian James Loynes
JJ Lenehan

*Teastas Ard-Leibhéil Innealtóireachta san Innealtóireacht Talmhaíochta*
Malcolm Carr-West
Seamus D. Murphy

*Teastas Ard-Leibhéil Innealtóireachta san Innealtóireacht Shíbhialta*
Eamonn Cannon
Joseph Kindregan

*Teastas Ard-Leibhéil Innealtóireachta san Innealtóireacht Mheicniúil*
Raymond Kazmierczak
Nigel Roberts

*Teastas Ard-Leibhéil Innealtóireachta san Innealtóireacht Dhéantúsaíochta*
Raymond Kazmierczak
An t-Ollamh Patrick Mallon

*Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Talmhaíochta*
Malcolm Carr-West
An Dr. Seamus D. Murphy

*Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Táirgeachta*
Nigel Roberts

*Baitsiléir Eolaíochta i bhFoirgníocht*
Joe Garry

*Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Shíbhialta*
Eamonn Cannon
Joseph Kindregan

*Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach*
Raymond Kazmierczak
An t-Ollamh Patrick Mallon

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Foirgníochta*
An Dr. Joe Gunning

## CÚRSAÍ SNA DAONNACHTAÍ

*Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe*
Tony O’Dalaigh

An Dr. Mary O'Neill

**CÚRSAÍ IN EOLAÍOCHT & RÍOMHAIREACHT**

*Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach*
An t-Ollamh Richard O'Kennedy
An Dr. Ali Raza Ansari
An Dr. John Mulvihill
An Dr. Malachy Thompson
Michael Hickey

*Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach*
An Dr. John Mulvihill
An Dr. Malachy Thompson
An Dr. Ali Raza Ansari
An t-Ollamh Richard O'Kennedy
Michael Hickey

*Teastas Ard-Leibhéil  san Eolaíocht i bhFótóinic*
An t-Ollamh I.T. McGovern
An Dr. Ali Raza Ansari

*Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i Ríomhaireacht*
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

*Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bhogearraí*
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

*Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Anailíseach*
An Dr. John Mulvihill
An t-Ollamh Richard O'Kennedy
Michael Hickey

*Teastas Ard-Leibhéil san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta*
An Dr. Francis Kew
Teresa Hurley

*Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Slainte agus Fóillíochta*
Teresa Hurley
An Dr. Francis Kew

*Teastas Ard-Leibhéil sa Riomhaireacht i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise*
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Ginearálta*
Mark Philbin
Thomas Kearns
Margaret McCarthy
Seamus Cowman

*Baitsiléir Eolaíochta san Altranas In (ACCS) (Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)*
Margaret McCarthy
Thomas Kearns

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas (ACCS) (Bailiú Creidiúintí agus Deimhniú Ábhar)*
Margaret McCarthy
Thomas Kearns
Mark Philbin

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Altranas Síciatrach*
Mark Philbin
Thomas Kearns
Margaret McCarthy
Seamus Cowman

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht – Forbairt Bhogearraí*
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainisteoireacht Saoráidí*
Bernard Williams
Bernard Skelton

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailíseach le Forbairt Táirgí/Próiseas*
An Dr. John Mulvihill
An t-Ollamh Richard O'Kennedy
An Dr. Malachy Thompson
Michael Hickey

*Díoplóma Iarchéime i Ríomhaireacht in Oideachas*
An Dr. Hugh Gibbons

*Máistreacht Eolaíochta i Ríomhaireacht in Oideachas*
An Dr. Hugh Gibbons

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta*
Catherine Murphy
Pauline Jordan

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Staidéar Fiontair*
Desmond Chambers
Patrick O'Connor
Ted Parslow

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín*
Ted Parslow
An Dr. Desmond Chambers

*Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin*
Ted Parlsow
An Dr. Desmond Chambers

*Dioplóma Iarchéime san Eolaíocht – Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas*
Francis J. McGourty
John Oliver Ryan

*M.Eol. san Eolaíocht Shaotharlainne in Oideachas*
Francis J. McGourty
John Oliver Ryan


*Máistreacht san Eolaíocht i Ríomhaireacht*
Eamonn De Leastar
An Dr. Desmond Chambers
R.H. Morgan




# Staidrimh maidir le Mic Léinn

| Clárúcháin Tríú Leibhéil de réir Dámhachtana | Líon Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| **Teastas Ard-Leibhéil** | | |
| Scoil Gnó agus Daonnachtaí | 391 | 13.66% |
| Scoil Staidéir Innealtóireachta & Foirgníochta | 251 | 8.77% |
| Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 189 | 6.60% |
| Scoil na hEolaíochta – Ríomhaireacht | 51 | 1.78% |
| **Dioplóma Baitsiléireachta** | | |
| Scoil Gnó & Daonnachtaí | 474 | 16.56% |
| Scoil Staidéir Innealtóireachta & Foirgníochta | 99 | 3.46% |
| Scoil na hInnealtóireachta – Eolaíocht Beatha & Fóillíocht | 55 | 1.92% |
| Scoil na hEolaíochta – Ríomhaireacht | 44 | 1.54% |
| **Cúrsaí Ceime** | | |
| Scoil Gnó & Daonnachtaí | 282 | 9.85% |
| Scoil Staidéir Innealtóireachta & Foirgníochta | 46 | 1.61% |
| Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Beatha & Fóillíocht | 80 | 2.80% |
| Scoil na hEolaíochta – Ríomhaireacht | 93 | 3.25% |
| Scoil an Altranais | 246 | 8.60% |
| **Iarchéimithe** | | |
| Scoil Gnó & Daonnachtaí | 6 | 0.21% |
| Scoil Staidéir Innealtóireachta & Foirgníochta | 1 | 0.04% |
| Scoil na hEolaíochta – Ríomhaireacht | 12 | 0.42% |
| Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha & Fóillíocht | 4 | 0.14% |
| CERT/FÁILTE IRELAND | 185 | 6.46% |
| Printíseachtaí | 353 | 12.33% |
| **IOMLÁN AN CHOLÁIST** | **2,862** | **100%** |


## Ceantar Baile na Mac Léinn Tríú Leibhéil





## Clárúcháin Tríú Leibhéil – Mic Léinn Fireannacha





## Clarúchain Tríú Leibhéil – Mic Léinn Bhaineannacha



## Clárúcháin Tríú Leibhéil de réir Ábhair




## Cúlra Sócheacnamaíoch Mac Léinn Tríú Leibhéil (Iontrálaithe nua amháin)



# Seribhísí do Mhic Léinn

Cé nach bhfuil ach beagán aistrithe  tagtha ar líon na mac léinn ar an iomlán, bhí tuilleadh éilimh ar sheirbhísí tacaíochta do mhic léinn i 2004/2005 i ngach réimse.   Bhí tuilleadh feasachta ar na seirbhísí atá ar fáil ann i measc mac léinn na chéad bliana de bhearr cláir treo-aimsithe le leagan amach agus ábhar nuachóirithe, ach ba léir go bhfuil  athrú suntasach tagaithe ar réimse agus ar leibhéal na gceisteanna a imíonn tionchar ar níos mó mac léinn de réir a chéile.  Chuir an Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn béim air seo ag leibhéal an Fho-Choiste um Ghnóthaí Mac Léinn, na Comhairle Acadúla agus na Bainistíochta Ginearálta.  Deimhníonn aiseolas ó ionadaithe na mball foirne agus na mac léinn na haistrithe seo i bpobal mac léinn atá ag éirí níos ilghnéithí de réir a chéile.  De bharr Oifigeach Gairmeacha lán-aimseartha a bheith ceaptha mar aon le pleananna chun Oifigeach na gCumann a athcheapadh beidh méadú mór ar Sheirbhísí do Mhic Léinn, agus tá forbairt pháirceanna imeartha agus seomraí acmhainne do dhaoine faoi mhíchumas fíor-thábhachtach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le coinneáil mac léinn.

**An Oifig Rochtana**

Méadaíodh líon na mac léinn cláraithe a raibh faoi mhíchumas ó 52 i 2003/2004 go 75 i 2004/2005 (36 fireann/39 baineann).  Bronnadh maoiniú € 121,958 as CSE um mhíchumas ar 22  mac léinn incháilithe.  Leithdháileadh € 20k de mhaoiniú caipitíochta na hITT chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn eile nach raibh incháilithe le haghaidh maoiniú CSE.  Soláthraíodh cóiríocht scrúdaithe speisialta do 25 mhac léinn faoi mhíchumas/le difríochtaí foghlama.  Chuir 454 mac léinn aibí iarratas isteach ar ITT trí CAO (Lár-Oifig Iontrála) fén 1ú Feabhra, agus 96 eile fén 1ú Bealtaine (dátaí deiridh).  Cláraíodh 149 mac léinn aibí do 2004/2005 (BS 88, SC/CP 40, E/CS 21).  Sholáthraigh an Oifig Rochtana seisiúin chur chun cinn, seisiúin faisnéise réamh-iontrála, cuairteanna, léirithe agus réamh-threoaimsiú.  Bhain 149 mac léinn faoi mhíbhuntáiste nó chruatan tairbhe as Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn an CSE a laghdaíodh go € 104,921. Leithdháileadh € 50k breise ó chiste Caipitíochta na Mac Léinn chun freastal ar riachtanais airgeadais na mac léinn seo.  Ar na cláracha Rochtana  áiríodh an Tionscadail um Aimsiú Bealaí Gairme do Mhic Léinn a raibh baint ag daltaí Sóisearacha, Idirbliana, 5ú bliana agus Ardteistiméarachta ó scoileana áitiúla as réigiúin ACPIF leis, agus an “Soccer for Success” do Bhunscoil na mBuachaillí i Lios Tuathail agus do Bhunscoil Lárnach an Bhaile Dhuibh a raibh baint ag 25 dalta, 3 oibrí acmhainne agus 4 meantóirí mac léinn ITT.

**Seirbhís Tacaíochta Disléicse**

I 2004/2005 thug an tseirbhís tacaíocht do 45 mac léinn ar a bhfuil Disléicse agus do 46 mac léinn eile ag a bhfuil fadhbanna foghlama nó neamhoird teanga. Tugadh cúnamh do 18 mac léinn sa chéad bhliain, agus ag an am céanna tá a lán tacaíochta ag teastáil ó mhic léinn fásta aibí (12) agus printísigh (11).  Bronnadh maoiniú CSE ar 39 mac léinn ón gcéad bhliain agus ar mhic léinn leantacha le haghaidh áiseanna agus seirbhísí.  I gcaitheamh na bliana chuir an Teagascóir Tacaíochta Disléicse 11 mac léinn ar aghaidh chuig Comhairleoir na Mac Léinn i gcomhair measúnaithe shícoideachasúil. Bainfidh mic léinn ar a bhfuil disléicse tairbhe faoi leith as críochnú, fearastú agus trealamh seomraí Achmhainne Disléicse i ngach campas.  Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní le haghaidh tacaíochta duine le duine toisc go bhfuil an t-éileamh orthu ag méadú.

**An tIonad Sláinte**

Bhí 2,677 gcuairt ag an Ionad agus ba mhic léinn bhaineanna níos mó ná dhá thríú díobh siúd.  Breacadh síos 1,294 cuairtanna chuig seomra an Dochtúra idir an dá champas.  Bhí seomra an Dochtúra ag obair ar feadh 6 uaire agus 4 uaire don Champas Thuaidh agus don gCampas Theas faoi seach, bunaithe ar éileamh na mac léinn sa dá shuíomh.  Is léir ar réimse agus leibhéal na bhfadhbanna sláinte a chuirtear i láthair san Ionad Sláinte go bhfuil ilghnéitheacht phobal na mac léinn ag méadú. Tá cuid mhaith de sceidil na n-Altraí agus na nDochtúirí tógtha suas le sláinte mheabhrach, andúla, sláinte shlí bheatha agus gortaithe spóirt.  Cuireadh roinnt feachtas sláinte dearfacha ar siúl i gcomhairle le gníomhaireachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.  Thug an tIonad Sláinte an vacsaíniú MMR mar fhreagra ar bhriseadh amach plucamais i roinnt coláisti tríú leibhéil.

**Seirbhís Chomhairleoireachta**

Bhain 76 mac léinn tairbhe as seirbhísí chomhairleoireachta, ó 49 mac léinn a d’fhreastal ar suas chuig ceithre seisiún go 3 mac léinn a d’fhreastal ar níos mó ná 20 seisiún.  Astu seo, tháinig 52 ar a gconlán féin agus cuireadh an chuid eile ar aghaidh ag baill foirne agus ag Aontas na Mac Léinn.  Tháinig 31 mhac léinn le fadhbanna Sláinte Mheabhrach/cúrsaí Síciatracha agus bhí a lán fadhbanna teaghlaigh, pearsanta, airgeadais agus acadúla i gceist chomh maith.  Mar chuid den chomhairleoireacht deineadh obair le mic léinn, teagmháil le thuismitheoirí agus baill foirne agus tacaíocht dóibh, chomh maith le hobair le gníomhaireachtaí seachtracha agus forais ghairmiúla.  Bhí comhoibriú idir Comhairleoir na Mac Léinn agus Teagascóir Tacaíochta Disléicse i dtionscadal píolótach chun measúnaithe sícoideachasúla a dhéanamh ar mhic léinn.

**An tSéiplíneacht**

Cé gurb iad cúnamh spioradálta agus tréadach príomh-fheidhm na Séiplíneachta, tá cúrsaí cóiríochta, clubanna/cumainn,

carthanachtaí agus cúrsaí airgeadais na mac léinn an-thábhachtach leis. Bhí tábhacht ar leith ag baint le tacaíocht méala i mbliana de bharr bhás triúr mac léinn, Tony Roche, Patrick Hughes agus Padraig Tydings. Ba mhór é seo go háirithe ag baill clainne, cáirde pearsanta agus cáirde i measc na mac léinn agus ag baill foirne. Bhí páirt thábhachtach ag an Aifreann Laethúil, searmanais chuimhneacháin agus cúrsaí spioradálta chun mothúchán pobail a threisiú ar an gcampas. Bhí scéim tiomsaithe airgid do Charthanacht comhordaithe trí oifig an tSéiplínigh agus bailíodh € 7,500 ó cheolchoirm na Nollag agus Troscadh an Charghais. Tá € 18k bailithe i gcomhair thionscadal na hOla i gCéinia go dtí seo, agus bailíodh € 3k don Chiste Tsunami i 2004/2005.

Seirbhísí Gairme
Ceapadh Louise Nagle mar Oifigeach Gairmeacha lánaimseartha i mBealtaine, in ionad Tracy Ryan a d'éirigh as a post mar Oifigeach Socrúcháin do Chéimithe. Bhí an phríomhbhéim ar phróifíl na hOifige a árdú go mór mór trí Bhilleog Gairmeacha, "WebCT", ríomhphost agus an suíomh idirlín ITT. I gcaiteamh Bealtaine/Meithimh amháin, phléigh an Oifig Ghairmeacha le 150 fiosrúchán ó mhic léinn, 55 folúntais iarchéime agus 14 postanna. Tá tús curtha le cuairteanna tionscail go háitiúil chuig fostaitheoirí atá ann cheana féin agus chuig fostaitheoirí a d'fhéadfadh a bheith againn agus beidh siad sin á leathnú i 2005/2006. Beidh deis eile ag céimithe chun bualadh le fostaitheoirí agus comhlachais ghairmiúla ag Aonach Gairmeacha a chuirfear ar siúl, le cúnamh Dé, i mí na Samhna 2005.

Spórt
Bhí 27 gcumann spóirt cláraithe faoi riarachán an Oifigigh Spóirt agus Oifigigh um chur chun cinn Chluichí an CLG, le buiséad € 136k i gcomhair riarachán cumainn, comórtaisí, fruiliú áiseanna agus oiliúna. Bhain seachtar mac léinn tairbhe luach € 1k an duine as na Scoláireachtaí Spóirt nua de chuid ITT i gcineálacha éagsúla spóirt. Fuair cúigear imreoirí sparánachtaí CLG Chomhairle na Mumhan dar luach € 500 an ceann. Bhí a lán fadhbanna ag mic léinn maidir le bualadh le chéile i gcomhair chruinnithe spóirt agus traenála de thoradh ar dháileadh na mac léinn idir an Campas Thuaidh agus an Campas Theas. Chuir easpa áiseanna spóirt agus páirceanna imeartha féin na hInstitiúide go mór le hobair na foirne spóirt chun áiseanna traenála agus imeartha a eagrú, agus an buntáiste atá ag gabháil le himirt sa bhaile á chailliúint acu i roinnt chluichí. Táthar ag súil le hoscailt na páirce imeartha uile-aimsire sintéisí ag tosach na bliana acadúla nua agus leis an bpáirc imeartha chluichí Ghaelacha ghaineamh-bhunaithe a bheith ar fáil i Meán Fómhair, 2006. Baineadh buanna ollmhóra spóirt amach i bPeil na mBan (Sraithchomórtaisí na Mumhan agus na hÉireann), Lúthchleasaíocht (3 Ór, 7 Airgead, 5 Cré-umha), Judo (Comórtaisí na Mumhan/Ceannais na hÉireann, 2 Ór, 2 Airgead) agus Dornálaíocht (Ór na gCeithre Náisiún).

Cumainn
Ceapadh Anne Looney mar Oifigeach na gCumann i Samhain, 2004 agus thosnaigh sí ar athbheochan na gcumann san Institiúid ar fad. Baineadh úsáid as "WebCT", Féilire na n-Ócáidí agus Fóraim plé chun gréasáin na gcumann a phoibliú agus a fhorbairt, agus cuireadh tús le obair ar Shuíomh Idirlín nua do na Cumainn ag an am céanna. Mar thoradh ar dhul i dteagmháil le hOifigeach Ealaíona an Chontae, fuarthas roinnt airgid do roinnt chumainn ábhartha. Mar a bhí an bhliain ag dul ar aghaidh ardaíodh próifíl roinnt chumann agus tháinig roinnt mhaith ghníomhaíochtaí rathúla chun cinn dá thoradh, le comórtaisí náisiúnta X Factor (Euro Star) IT, ceardlann agus taispeántas grianghrafadóireachta, díospóireacht phoiblí le polaiteoirí áitiúla, scéim tiomsaithe airgid do charthanacht agus Oíche Bhronnadh na nDámhachtainí ar na Cumainn ag deireadh na bliana.

Aontas na Mac Léinn
Bhí Feidhmeannach agus Rúnaí lán-aimsire, oifigigeacha deonacha agus ionadaithe ranga ag tabhairt aire mhaith do chúrsaí agus riachtanais na mac léinn. D'oibrigh an t-Uachtarán agus a leas-Uachtaráin go han-chóngarach leis an bhfoireann bainisteoireachta agus leis an bhfoireann chun dea-theagmhála a chinntiú agus chun aon fhadhbanna mac léinn a réiteach go luath. Trí ionadaithe a bheith acu i measc na foirne bainisteoireachta agus i struchtúirí acadúla agus de bharr teagmhála rialta le Seirbhísí na Mac Léinn agus leis an bhfoireann Riaracháin, bhí deis iontach ag Aontas na Mac Léinn cur le heispéireas mac léinn na hITT ar shlí an-dhearfach. Bhí páirt ghníomhach acu i Leathnach na Mac Léinn sa nuachtán "Kerryman", scéimeanna tiomsaithe airgid do Chernobyl, marsantacht ITT agus i gcothú cláracha Spóirt agus Cumainn. Tugadh aire sár-mhaith do chúrsaí siamsaíochta agus gníomhaíochtaí sóisialta agus ba iad Seachtain Phléarácaim agus Rince Mór na Mac Léinn na buaicphointí.

Bronnadh na gCéimeanna agus Dámhachtainí Acadúla
Fuair 1,317 mic léinn a gcuid gcéimeanna ag cheithre chinn de sheisiúin bhronnta ag an Ionad Óstáin agus Comhdhála Bhréannain ar an Aoine 22ú Deireadh Fómhair 2004. Bronnadh duais CDAO do Mhac Léinn ITT na Bliana ar Niall O'Lionaird, Teastas Náisiunta san Innealtóireacht – Innealtóireacht Shíbhialta, agus dámhadh Duais Fáilte Éireann do Mhac Léinn ITT na Bliana ar Louise Nolan, Teastas Náisiúnta i Lónadóireacht. Dob fhéidir an searmanas, an tionól, tógaint na ngrianghrafanna agus lónadóireacht trí chéile a reáchtáil in Ostán Bhréannain do bheagnach ceithre mhíle céimithe, baill chlainne agus aoíonna.

# Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Chuir IT Thrá Lí fáilte roimh 117 mac léinn idirnáisiúnta i gclár staidéir faoi mar atá sonraithe anseo thíos. Dhein 21 díobh staidéar ar chláracha iomlána mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **B. Staidéir Ghnó, Margaíocht, bliain 4** | **7** |
| **B. Staidéir Ghnó, Cuntasaíocht, bliain 4** | **1** |
| **Díopl. Náis. Staidéir Ghnó, Margaíocht, bliain 3** | **4** |
| **Díopl. Náis. Staidéir Ghnó, Turasóireacht, bliain 3** | **2** |
| **Díopl. Náis. Ríomhaireacht, bliain 3** | **5** |
| **Díopl. Náis. Innealtóireacht Shíbhialta, bliain 3** | **1** |
| **Díopl. Náis. Innealtóireacht Mheicniúil & Leictrigh, bliain 3,** | **1** |

Glaotar "Erasmus Measctha" ar an gcineál eile mac léinn (96 mac léinn).

Thóg mic léinn an "Erasmus Measctha" rogha d'ábhair chun creidiúint acadúil a bhailiú ó chláracha i Scoil an Staidéir Ghnó & Sóisialta, i Scoil an Staidéir Eolaíochta & Ríomhaireachta agus i Scoil an Staidéir Innealtóireachta & Foirgníochta. Tháinig na mic léinn seo ó institiúidí chomhpháirtiochta sa Bheilg, sa bhFionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Spáinn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe.

Níor thug aon mhac léinn ón ITT faoi staidéar thar lear nó lasmuigh den ITT i mbliana.

Chaith 6 d'fhoireann teagaisc ITT ó Scoil an Staidéir Ghnó & Shóisialta agus ó Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta (2 fireann, 4 baineann) seachtain i mbun teagaisc in institiuid chomhphairtíochta sa bhFionnlainn, sa Ghearmáin agus sa Spáinn. Is iad seo na réimsí ábhair a bhí bainteach leis: ríomhaireacht, TF, teangacha, gnó, cumarsáid agus rince.

Bhí an Institiúid d'fhoireann teagaisc ó institiúidí chomhpháirtíochta sa Bheilg, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, sa bhFionnlainn agus sa Ríocht Aontaithe. Tháinig forbairtí leanúnacha as an ngníomhaíocht seo ó thaobh modheolaíocht, teagaisc agus ábhair araon. Is iad na disciplíní ag a bhfuil baint leis seo ná Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta.

Baineadh úsáid as ECTS (Corpas Eorpach d'Aistriú Creidiúintí) i gcomhair gach mic léinn ghluaistigh. Dá bharr sin bhí sé ní b'fhusa aitheantas a thabhairt dóibh.

Bhí an Institiúid ina óstach ar chuairteanna ó chomhpháirtithe ón iasacht gach mí d'fhonn comhoibriú i dtaighde agus i bhforbairt churaclaim a chur chun cinn, chomh maith le tionscnaimh choitianta.

Bhí léachtóir ó Institiúid Teicneolaíochta Wentworth i mBoston, SAM, ag teagasc in ITT ar feadh dhá seachtaine i mí na Nollag.

Dhein an Institiúid socrúcháin oibre thar lear trí Chlár Leonardo da Vinci do mhic léinn chun go bhféadfaidh siad taithí luachmhar oibre a fháil agus thug sí cóiríocht do mhic léinn idirnáisiunta, leis, a bhí ag lorg socrúchán in Éirinn.

Ghlac cúigear mac léinn ó ITT páirt i ndianchlár idirnáisiúnta in Idirlíon agus Margaíocht ag FH Nordhausen, sa Ghearmáin i mí Aibreáin.

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta le himeachtaí a d'eagraigh an tÚdarás Ardoideachais, HLP agus ICOS in Éirinn agus a d'eagraigh Coimisiún an AE thar lear.

Bhí an Institiúid rannpháirteach i gComhdháil Líonra Socrates a lean ar feadh dhá lá in Ollscoil Oviedo sa Spáinn i Meitheamh '05.

*Is trí bhuiséad an Chláir Socrates a maoiníodh na gníomhaíochtaí thuas ar an gcuid ba mhó de, agus chuir an Institiúid maoiniú forlíontach leis.*

# Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Tugadh bronntanais do naonúr baill foirne as ucht 25 bhliana seirbhíse a thabhairt don Institiúid ag tionól taitneamhach ag a raibh líon mhaith daoine i láthair ar an 6ú Bealtaine 2005.

Thug an Institiúid aitheantas agus ghabh sí buíochas chomh maith leis an gcúigear baill foirne a chuaigh ar scor i rith na Bliana Acadúla 2004/2005.

Cuireadh na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar siúl i rith na bliana. Bhí tinreamh maith orthu agus fuarthas aiseolas maith fúthu.

- Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte
- Scileanna Maoirseachta
- Ceannaireacht Foirne
- Bunscileanna bainisteoireachta
- Traenáil Ionduchtú Baill Foirne Nua
- Scileanna Oideolaíochta
- Oiliúint ar Mheasúnú
- Scileanna Agallaimh do Bhainisteoirí
- Bainistíocht Ama
- Scileanna Cumarsáide Idirphearsanta
- Traenáil Seirbhís Chustaiméara
- Scileanna Agallaimh (comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha)
- Athchúrsa Garchabhrach
- Traenáil in Úsáid Dífhibrileoirí
- Ceardlann ar Strus, Bhullaíocht agus Chiapadh
- Seimineár Pleanála Beatha Lár Gairme
- Seimineár ar Aoisliúntas (ranníocóirí D)
- Scileanna Agallaimh (Grád 6 &7)
- Scileanna Scríofa Éifeachtaigh
- Seimineár Pleanála Scoir
- Oiliúint sa Teanga Ghaeilge
- Traenáil i gCaighdeáin Tuairiscí Airgidis Idirnáisiúnta
- Micreamhúinteoireacht agus Breathnú ar Chomhchéime ag Múineadh

**Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**

Bhí lainseáil oifigiúil an Chláir Leasa d'Fhostaithe ar siúl ar an Máirt 25ú Eanáir 2005. Eagraíodh roinnt seisiúin faisnéise don bhfoireann agus scaipeadh cóip den bróisiúr eolais i measc na foirne ar fad.

Ag an lainseáil oifigiúil bhí ionadaithe ó na trí Aontais laistigh den Institiúid agus reáchtáladh lón chun lainseáil an chláir a aithint. Tacaíonn na páirtithe ar fad leis an gclár seo.

**Bun-chóras Acmhainní Daonna**

Cuireadh tionscadal an Bhunchórais Acmhainní Daonna i gcrích idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2004. Is é seo córas comhtháite Acmhainní Daonna agus párolla.

**Saoire Théarma**

Seoladh dréacht de pholasaí ar Shaoire Théarma don bhfoireann riaracháin i mbliana. Ceadaíonn Saoire Théarma saoire gan pá chun deis a thabhairt do thuismitheoirí nó chúramóirí fostaithe a socraithe oibre a chomhoiriúnú le príomhlaethanta saoire a bpáistí, nó chun aire a thabhairt do dhuine sa chlann atá faoi mhíchumas agus a mbíonn cúnamh ag teastáil uaidh nó uaithi go leanúnach nó go rialta. Is é atá i gceist leis an tsaoire théarma ná saoire ar leith gan pá, do thréimhse leanúnach ó cheithre go trí sheachtain déag i rith míonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa.

Thóg 5 baill den bhfoireann Saoire Théarma i Samhradh 2005.



# Tuairisc Airgeadais

Dheimhnigh an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 ar an 30 Meitheamh 2006. Tá na ráitis airgeadais seo, go bhfuil sleachta díobh curtha síos anseo thíos, táid ullmhaithe de réir bunrialacha cuntasaíochta go nglactar leo go coitianta faoi chomhghnás an chostais stairiúil (lasmuigh de shócmhainní áirithe atá curtha san áireamh ag an luacháil) agus de réir riachtanas an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

## Ioncam agus Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana barrachas oibríochta € 1,670 míle. Tá barrachas carnaithe € 5,202 míle ar an 31 Lúnasa 2005 ann dá bharr. Bhí méadú 9% ar ioncam reatha na bliana agus thug sé sin € 30,216 míle. Tá deontaisí stáit € 18,506 míle agus táillí teagaisc dar luach € 4,063 míle san áireamh leis seo. Ba é luach iomlán caiteachas reatha na bliana ná € 28,215 míle lenar áiríodh costaisí foirne € 19,866 míle. Leathdháileadh € 633 míle den Deontas Stáit Athfhillteach chun maoiniú a sholáthar i gcomhair chaiteachais chaipitiúil.

## Cuntas Caipitil

Fuair an coláiste sócmhainní seasta dar luach € 4,269 míle san iomlán i gcaitheamh na bliana. Ba í muirear dhímheasa na bliana ná € 3,056 míle san iomlán agus bhí luach glan na sóchmhainní inláimhsithe arna méadú go dtí € 46,069 míle ar an 31 Lúnasa.

## Talamh agus Foirgnimh

Tá an Oifig Luachála chun luacháil iomlán a dhéanamh ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh. Nuair a bheidh an luacháil curtha i gcrích cuirfear na luachanna a bheidh socraithe ag an Oifig san áireamh sna ráitis airgeadais. Go dtí go mbeidh torthaí na hoibre ar fáil, is é neamhní luach measta an talaimh agus meastar luach na bhfoirgneamh ar bhonn costas athsholáthair. Tá luach sóchmhainní seasta eile a bhí ann ar an 1ú Eanair, 1993 measta de réir luach an mhargaidh oscailte i gcomhair a n-úsáid reatha. Luaitear gach breis atá curtha leo ó shin ag costas.



# Tuairisc Airgeadais

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa

| | 2005 €'000 | 2004 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas ón Stát | 18,506 | 17,371 |
| Aistriú ón gCuntas Caiptil | 3,056 | 2,855 |
| Táillí Teagaisc | 4,063 | 3,767 |
| Táilli Ceannsraithe | 1,737 | 1,515 |
| Taighde, Comhairliú agus Forbairt | 420 | 298 |
| Ioncam ó ús | 52 | 33 |
| Ioncam Eile | 2,382 | 1,818 |
| | **30,216** | **27,657** |
| **Caiteachas** | | |
| Ranna Acadúla | 16,958 | 14,172 |
| Seirbhísí Acadúla | 1,454 | 1,431 |
| Áitreamh | 1,927 | 1,602 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí Lárnacha | 3,285 | 3,128 |
| Áiseanna agus Conláistí do Mhic Léinn | 682 | 663 |
| Costaisí Oideachais Ginearálta | 433 | 552 |
| Taighde, Comhairliú agus Forbairt | 420 | 280 |
| Dímheas | 3,056 | 2,855 |
| | **28,215** | **24,683** |
| **BARRACHAS OIBRÍOCHTA** | **2,001** | **2,974** |
| **ARNA nAISTRIÚ CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA** | (331) | (313) |
| **BARRACHAS CARNAITHE AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR** | 3,532 | 871 |
| **BARRACHAS CARNAITHE AR AN 31 LÚNASA** | **5,202** | **3,532** |

# Tuairisc Airgeadais


## Clár comhardaithe amhail 31 Lúnasa 2005

| | 2005 €'000 | 2004 €'000 |
|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 46,069 | 44,856 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Feichiúnaithe | 5,290 | 5,060 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh | 5,288 | 2,015 |
| | **10,578** | **7,075** |
| **CREIDIÚNAITHE** | | |
| Méideanna a bheidh le n-íoc laistigh de bhliain amháin | (3,229) | (1,938) |
| **GLAN-SHÓCMHAINNÍ REATHA** | **7,349** | **5,137** |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | **53,418** | **49,993** |
| **Arna dtaispeáint ag** | | |
| **CÚLCHISTÍ** | | |
| Cuntas Caipitil | 46,069 | 44,856 |
| Cúlchiste Srianta | 2,147 | 1,605 |
| Cúntas Ioncaim agus Caiteachais | 5,202 | 3,532 |
| | **53,418** | **49,993** |




# Tuairisc Airgeadais


## Ioncam





## Caiteachas Caipitil




## Foinsí na nDeontaisí Caipitiúla




## Caiteachas



# Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile

**Cód Cleachtais do Rialachas Eagraíochtai Stáit**

Tá glactha ag an Institiúid leis an gCód Cleachtais do rialachas Eagraíochtaí Stáit, a d'fhaomh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus tá bearta déanta chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Institiúid an Cód.

**Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**

Is é is cuspóir do na hAchtanna um Chosaint Sonraí ná príobháideachas sonraí duine aonair atá á bpróiseáil a chosaint. Tá cearta ag an duine aonair de bharr na nAchtanna cóip a fháil de gach sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi agus atá i gcoimeád an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir Sonraí í Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus comhlíonann sí an reachtaíocht.

**An tAcht um Eiticí in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001**

De réir an Achta um Eiticí in Oifig Phoiblí, 1995 agus de réir an Achta um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí, 2001, tugann comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ráitis leasa don rúnaí gach bliain.

**Comhionannas**

Tá an Institiúid tiomanta do bheartas um chomhdheiseanna agus glacann sí cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Tá líon scéimeanna á oibriú ag an Institiúid ina dtugtar roghanna don bhfoireann chun freastal ar a gcuid riachtanas gairme agus ar a gcuid riachtanas pearsanta, mar shampla, comhroinnt poist, sos chun staidéir, cláracha oideachais agus sosanna gairme.

**Éifeachtacht Fuinnimh**

Tá slite á n-iniúchadh ag an Institiúid chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú inti.

**Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003**

Tá feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

Tháinig feidhm leis an Acht maidir leis an Institiúid ar an 1ú Deireadh Fómhair 2001.

Bunaíonn an tAcht trí cearta reachtúla do gach ball den phobal

- Ceart fáil a bheith aige nó aici ar thaifid atá á gcoinneáil ag eagraíochtaí poiblí
- Ceart faisnéis phearsanta a bhaineann leis féin nó léi féin a chur á leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Ceart cúiseanna a fháil atá le cinntí a dheineann eagraíochtaí poiblí agus a théann go holc dó nó di.

# Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile

**Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**
Foilseofar Tuarascálacha Bliantúla ó 2002/2003 ar aghaidh, Ráitis Airgeadais agus doiciméidí ábhartha eile go comhuaineach san dá theanga oifigiúla i gcomhlíonadh forálacha ginearálta an Achta.

**An tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas, 1997**
An tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997 mar a leasaíodh é ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002, (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála).

Leasaíodh an tAcht um Íocaíocht Phras Cuntas 1997 (an tAcht) ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála). Tháinig feidhm leis an Acht ar an 2ú Eanáir 1998.

Tugtar tuairisc ar chleachtais íocaíochta na hInstitiúide thíos don bhliain dar críoch 31ú Lúnasa 2005, de réir mar a éilíodh leis an Acht.

(a) Tá sé de bheartas ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí deimhin a dhéanamh de go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta i bhfeidhm a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus deimhin a dhéanamh de go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta ar a bhfuilid iníoctha. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/ríomhaistrithe airgid de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Tá pé rialucháin agus pé nósanna imeachta a mheastar atá riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú sa chóras rialúcháin inmheánach. Tá rialúcháin cuntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialúcháin inmheánach na hInstitiúide. Tá na rialúcháin seo ceaptha chun a chinntiú go n-aithnítear sonraisc agus conarthaí i leith íocaíochtaí laistigh de na dátaí íocaíochta atá leagtha síos faoi mar atá sainithe ag an Acht. Tá na rialúcháin seo ceaptha chun dearbhú go réasúnta, ach ní go habsalóideach, i gcoinne neamhchomhlíonadh an Acht. Cuireann Rannóg na gCuntas tuairisc ar fáil a aithníonn sonraisc atá gan íoc agus deintear athbhreithniú ar an tuairisc go rialta.

Is deimhin leis an bhfoireann bainistíochta go bhfuil forálacha an Achta comhlíonta ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí i ngach gné ábhartha.

Níor tharla aon athrú ábhartha ón 1ú Meán Fómhair 2005.

**Mionsonraí ar íocaiochtaí déanacha faoin Acht um Íocaíochtaí Phras Cuntas 1997.**

Ba é 32 líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317
Ba é €742,392.50 luach na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €317.
Ba é 13 lá a bheag nó a mhór an mhoill a bhíodh ar íocaíochtaí déanacha.

**An tAcht Sábháilteachta, Sláinte & Leasa 1989**

De réir an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (1989), tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn gach gné a theagmhaíonn le leas na foirne, na mac léinn agus leas cuairteoirí.